AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.4.2013
COM(2013) 185 final

2013/0097 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 827/2004 ón gComhairle lena dtoirmisctear allmhairithe tuinníní mórshúileacha Atlantacha (*Thunnus obesus*) arb iad an Bholaiv, an Chambóid, an Ghuine Mheánchiorclach, an tSeoirsia agus Siarra Leon tíortha a dtionscanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1036/2001**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tá an tAontas ina Pháirtí Conarthach sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (Coinbhinsiún ICCAT) ón 14 Samhain 1997, tar éis Cinneadh 86/238/CEE ón gComhairle[1] a ghlacadh.

Le Coinbhinsiún ICCAT, déantar foráil maidir le creat do chomhar réigiúnach i ndáil le caomhnú agus bainistiú tuinníní agus speiceas atá cosúil le tuinníní san Aigéan Atlantach agus sna farraigí máguaird trí bhíthin Coimisiúin Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT) agus maidir le bearta caomhnaithe agus bainistithe a ghlacfaidh an Coimisiún sin, bearta a bheidh ina gceangal ar na páirtithe conarthacha.

In 1998, ghlac ICCAT rún 98-18 a bhaineann le gabhálacha tuinníní gan tuairisciú agus gan rialáil ag soithí spiléir ar scála mór i limistéar an Choinbhinsiúin. Sa rún sin, bunaíodh nósanna imeachta chun tíortha a aithint a ndearna soithí dá gcuid iascaireacht ar thuinníní agus ar speicis cosúil le tuinníní ar bhealach a laghdaigh éifeacht bhearta caomhnaithe agus bainistithe ICCAT. Shonraigh sé freisin bearta is ceart a ghlacadh, lena n-áirítear bearta sriantacha trádála neamh-idirdhealaitheacha más gá, d'fhonn cosc a chur ar shoithí na dtíortha sin leanúint ar aghaidh le cleachtais iascaireachta den sórt sin.

Tar éis rún 98-18 a ghlacadh, d'aithin ICCAT an Bholaiv, an Chambóid, an Ghuine Mheánchiorclach, an tSeoirsia agus Siarra Leon mar thíortha a ndéanann a gcuid soithí iascaireacht ar thuinníní mórshúileacha Atlantacha (*Thunnus obesus*) ar bhealach a laghdaíonn éifeachtacht bhearta caomhnaithe agus bainistithe an ICCAT agus thug sé sonraí maidir le gabhálacha, trádáil agus gníomhaíochtaí na soithí mar bhunús lena thorthaí. Dá bharr sin, mhol ICCAT do Pháirtithe Conarthacha bearta iomchuí a ghlacadh, i gcomhréir le forálacha Rún 1998, sa dóigh agus go gcuirfí toirmeasc ar allmhairiú tuinníní mórshúileacha Atlantacha agus a dtáirgí, i bhfoirm ar bith, ó na tíortha thuasluaite.

Dá bharr sin, toirmisceadh allmhairithe tuinníní mórshúileacha Atlantacha arb iad an Bholaiv, an Chambóid, an Ghuine Mheánchiorclach, an tSeoirsia agus Siarra Leon tíortha a dtionscanta isteach san AE i Rialachán (CE) Uimh. 827/2004.[2]

Ag a 14ú Cruinniú Speisialta in 2004, thug ICCAT aitheantas do na hiarrachtaí a rinne an Chambóid, an Ghuine Mheánchiorclach agus Siarra Leon chun dul i ngleic leis na hábhair imní a bhí aige agus ghlac sé moltaí maidir le bearta sriantacha trádála i gcoinne na dtrí thír sin a chur i leataobh.

Mar thoradh air sin, leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 827/2004 le Rialachán (CE) Uimh. 919/2005[3], sa chaoi nach mbeadh toirmeasc ach ar allmhairithe den sórt sin ón mBolaiv agus ón tSeoirsia, agus go mbeadh allmhairithe ón gCambóid, ón nGuine Mheánchiorclach agus ó Shiarra Leon údaraithe arís.

Lena chois sin, ag a 22ú cruinniú bliantúil rialta, thug ICCAT aitheantas do na hiarrachtaí agus na gníomhaíochtaí a rinne an Bholaiv agus an tSeoirsia agus ghlac sé moladh 11-19 lena gcuirtear na toirmisc ar allmhairiú tuinníní mórshúileacha Atlantacha agus a dtáirgí a gearradh ar an dá thír sin i leataobh.

Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 827/2004 arna leasú ag Rialachán (CE) Uimh. 919/2005 a aisghairm.

---

[1] IO L 162, 18.6.1986, lch. 33.
[2] IO L 127, 29.4.2004, lch. 21.
[3] IO L 156, 18.6.2005, lch. 1.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA

Neamhbhainteach

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Chuir ICCAT, comhlacht idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas Eorpach ina Pháirtí Conarthach ann, ar leataobh na toirmisc ar allmhairiú tuinníní mórshúileacha Atlantacha agus a dtáirgí ón mBolaiv agus ón tSeoirsia. D'fhonn seasamh lena chuid tiomantas idirnáisiúnta, ba cheart don Aontas Eorpach an cinneadh sin a achtú i ndlí an Aontais agus Rialachán (CE) Uimh. 827/2004 a aisghairm dá bhrí sin. Toisc go bhfuil an togra seo ag plé le comhbheartas tráchtála, ba cheart Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a bheith mar bhunús dlí leis.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Neamhbhainteach

## 5. EILIMINTÍ ROGHNACHA

Neamhbhainteach

2013/0097 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 827/2004 ón gComhairle lena dtoirmisctear allmhairithe tuinníní mórshúileacha Atlantacha (*Thunnus obesus*) arb iad an Bholaiv, an Chambóid, an Ghuine Mheánchiorclach, an tSeoirsia agus Siarra Leon tíortha a dtionscanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1036/2001**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas ina Pháirtí Conarthach sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinnníní Atlantacha a Chaomhnú (Coinbhinsiún ICCAT) ón 14 Samhain 1997, tar éis Cinneadh 86/238/CEE ón gComhairle[1] a ghlacadh.

(2) Le Coinbhinsiún ICCAT, déantar foráil maidir le creat do chomhar réigiúnach i ndáil le caomhnú agus bainistiú tuinníní agus speiceas atá cosúil le tuinníní san Aigéan Atlantach agus sna farraigí máguaird trí bhíthin Coimisiúin Idirnáisiúnta um Thuinnníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT) agus maidir le bearta caomhnaithe agus bainistithe a ghlacfaidh an Coimisiún sin, bearta a bheidh ina gceangal ar na páirtithe conarthacha.

(3) In 1998, ghlac ICCAT rún 98-18 a bhaineann le gabhálacha tuinníní gan tuairisciú gan rialáil ag soithí spiléir ar scála mór i limistéar an Choinbhinsiúin. Sa rún sin, bunaíodh nósanna imeachta chun tíortha a aithint a ndearna soithí dá gcuid iascaireacht ar thuinníní agus ar speicis cosúil le tuinníní ar bhealach a laghdaigh éifeacht bhearta caomhnaithe agus bainistithe ICCAT. Shonraigh sé freisin bearta is ceart a ghlacadh, lena n-áirítear bearta sriantacha trádála neamh-idirdhealaitheacha más gá, d'fhonn cosc a chur ar shoithí na dtíortha sin leanúint ar aghaidh le cleachtais iascaireachta den sórt sin.

(4) Tar éis rún 98-18 a ghlacadh, d'aithin ICCAT an Bholaiv, an Chambóid, an Ghuine Mheánchiorclach, an tSeoirsia agus Siarra Leon mar thíortha a ndéanann a gcuid soithí iascaireacht ar thuinníní mórshúileacha Atlantacha (*Thunnus obesus*) ar bhealach a laghdaíonn éifeachtacht bhearta caomhnaithe agus bainistithe an ICCAT agus thug sé sonraí maidir le gabhálacha, trádáil agus gníomhaíochtaí na soithí mar bhunús lena thorthaí.

(5) Dá bharr sin, mhol ICCAT do Pháirtithe Conarthacha bearta iomchuí a ghlacadh, i gcomhréir le forálacha Rún 1998, sa dóigh agus go gcuirfí toirmeasc ar allmhairiú

[1] IO L 162, 18.6.1986, lch. 33.

tuinníní mórshúileacha Atlantacha agus a dtáirgí, i bhfoirm ar bith, ó na tíortha thuasluaite.

(6) Toirmisceadh allmhairithe tuinníní mórshúileacha Atlantacha arb iad an Bholaiv, an Chambóid, an Ghuine Mheánchiorclach, an tSeoirsia agus Siarra Leon tíortha a dtionscanta isteach san Aontas Eorpach i Rialachán (CE) Uimh. 827/2004 ón gComhairle[2].

(7) Ag a 14ú Cruinniú Speisialta in 2004, thug ICCAT aitheantas do na hiarrachtaí a rinne an Chambóid, an Ghuine Mheánchiorclach agus Siarra Leon chun dul i ngleic leis na hábhair imní a bhí aige agus ghlac sé moltaí maidir le bearta sriantacha trádála i gcoinne na dtrí thír sin a chur i leataobh.

(8) Mar thoradh air sin, leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 827/2004 le Rialachán (CE) Uimh. 919/2005[3], sa chaoi nach mbeadh toirmeasc ach ar allmhairithe den sórt sin ón mBolaiv agus ón tSeoirsia, agus go mbeadh allmhairithe ón gCambóid, ón nGuine Mheánchiorclach agus ó Shiarra Leon ceadaithe arís.

(9) Ag a 22ú cruinniú bliantúil rialta, thug ICCAT aitheantas do na gníomhaíochtaí a rinne an Bholaiv agus an tSeoirsia agus ghlac sé moladh 11-19 lena gcuirtear na toirmisc ar allmhairiú tuinníní mórshúileacha Atlantacha agus a dtáirgí a gearradh ar an dá thír sin i leataobh.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 827/2004 a aisghairm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 827/2004.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[2] IO L 127, 29.4.2004, lch. 21.
[3] IO L 156, 18.6.2005, lch. 1.